



Uimhir 16 de 1999

**AN tACHT UM CHOMHAONTÚ NA BREATAINE-NA
hÉIREANN (LEASÚ), 1999**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. “an Príomh-Acht”.
2. Leasú ar an bPríomh-Acht.
3. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

**TÉACSANNA NA LITREACHA ARNA MALARTÚ AG RIALTAS NA hÉIREANN
AGUS RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUAISCEART ÉIREANN LENA NDÉANTAR AN COMHAONTÚ FORLÍONTACH**

[Uimh. 16.] *An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú), 1999.* [1999.]

AN TÁCHT DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999

1999, Uimh. 1



Uimhir 16 de 1999

**AN tACHT UM CHOMHAONTÚ NA BREATAINE-NA
hÉIREANN (LEASÚ), 1999**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ I nDÁIL LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR RIALTAS NA hÉIREANN AGUS RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN ARNA DHÉANAMH LE MALARTÚ LITREACHA DAR DÁTA AN 18ú LÁ DE MHEITHEAMH, 1999, AGUS AN 18ú LÁ DE MHEITHEAMH, 1999, AGUS, CHUN NA CRÍCHE SIN, DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I nDÁIL LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR RIALTAS NA hÉIREANN AGUS RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN AG BUNÚ COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE ARNA DHÉANAMH I mBAILE ÁTHA CLIATH AN 8ú LÁ DE MHÁRTA, 1999, AGUS DO LEASÚ AN ACHTA UM CHOMHAONTÚ NA BREATAINE-NA hÉIREANN, 1999. [25 Meitheamh, 1999]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht um “an Príomh-Acht”.
Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999.

2.—Leasaítear leis seo an Príomh-Acht—

Leasú ar an
bPríomh-Acht.

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach in alt 2(1):

“ciallaíonn ‘an Comhaontú forlfontach’ an Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann arna dhéanamh leis an malartú litreacha dar dáta an 18ú lá de Mheitheamh, 1999, agus an 18ú lá de Mheitheamh, 1999, a bhfuil a dtéacsanna leagtha amach sa *Scideal* a ghabhann leis *an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú), 1999.*”

agus

(b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 23:

“23.—(1) Faoi réir fho-alt (4), is iad feidhmeanna an Chomhlachta, de réir mhír 1 d’Airteagal 2 den Chomhaontú, na feidhmeanna sin a shonraítear i gCuid 4 d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú.

A.2

(2) Faoi réir fho-alt (4), maidir leis na socruithe a shonraítear i gCodanna 4 agus 7 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gComhaontú, beidh feidhm acu, de réir mhír 2 d'Airteagal 2 den Chomhaontú, maidir leis an gComhlacht.

(3) Beidh feidhm ag mír 1 d'Airteagal 3 den Chomhaontú maidir leis an gComhlacht.

(4) Déanfar Cuid 4 de gach ceann de na hIarscríbhinní dá dtagraítear san alt seo a fhorléiriú de réir an Chomhaontaithe fhorlíontaigh.”.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

3.—(1) Féadfar an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú), 1999, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, a ghairm den Phríomh-Acht agus den Acht seo.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Alt 2.

AN SCEIDEAL

TÉACSANNA NA LITREACHA ARNA MALARTÚ AG RIALTAS NA hÉIREANN
AGUS RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUAISCEART ÉIREANN LENA NDÉANTAR AN COMHAONTÚ FORLÍONTACH

18 June 1999

HE Mr David Andrews
Minister for Foreign Affairs

I have the honour to refer to recent discussions between our two Governments concerning the interpretation, in relation to post-1999 Structural Funds, of the terms “Community Initiatives”, “Initiatives” and “CIs” in Part 4 of Annex 1 and Part 4 of Annex 2 to the Agreement between the Government of Ireland and the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland establishing Implementation Bodies done at Dublin on 8 March 1999 (“the Implementation Bodies Agreement”).

It is the understanding of my Government that it was the joint intention of our two Governments that the aforementioned terms would include any successor to the PEACE programme established within the framework of the European Community’s Structural Funds and should be construed accordingly. If this is also the understanding of your Government, I have the honour to propose that this letter and your reply to that effect shall constitute an Agreement between our two Governments concerning the interpretation of these terms which shall enter into force on the date on which the Implementation Bodies Agreement enters into force.

Marjorie Mowlam
Secretary of State for Northern Ireland

18 June 1999

A.2

Rt Hon Marjorie Mowlam
Secretary of State for Northern Ireland

I have the honour to refer to your letter of 18 June 1999 concerning the interpretation of certain terms contained in the Agreement between our two Governments establishing Implementation Bodies done at Dublin on 8 March 1999. I confirm that it is also the understanding of my Government that it was the joint intention of our two Governments that the terms as specified in your letter would include any successor to the PEACE programme established within the framework of the European Community's Structural Funds and should be construed accordingly.

I have the honour to confirm that this letter and your letter shall constitute an Agreement between our two Governments concerning the interpretation of these terms which shall enter into force on the date on which the Implementation Bodies Agreement enters into force.

David Andrews T.D.
Minister for Foreign Affairs